CEACHT 39

SA PHÁIRC



Pictiúr: Radharc:

(a) Mamaí, Daidí, Bríd agus Páid ag siúl sa pháirc, an ghrian sa spéir, bláthanna ag fás, nóiníní ina lámha ag Nóirín; Ansin Mamaí ina luí ar an bhféar; (b) Daidí agus Páid ag an loch. Lachain ag snámh ar an loch, Spota agus é istigh sa loch, Spota agus é ag teacht amach as an loch agus tuirse air, le cur sa chiorcal cainte de réir mar a oireann.

Gníomhartha agus geáitsíocht a dhéanamh de réir mar a bhíonn gá leo.

CÉIM 1. CLOISTEÁIL AGUS AITHINT

Cuntas Reatha

Bhí an lá go hálainn. Bhí Daidí, Mamaí agus na leanaí ag siúl sa pháirc. Chonaic siad bláthanna deasa ag fás. Thosaigh Nóirín ag cruinniú nóiníní. Luigh Mamaí ar an bhféar. Chuaigh Daidí agus Páid go dtí an loch. Chonaic siad lachain bhána.

Agallamh

DAIDÍ: Is breá leo a bheith ag snámh. Féach! tá Spota ag snámh anois freisin.

PÁID: B'fhéidir go gcuirfidh sé eagla orthu.
DAIDÍ: Ní chuirfidh. Tá sé ag teacht amach anois.
PÁID: Tá tuirse air. Féach ar a theanga.

CÉIM 2. AITHRIS

CÉIM 3. ATHRÁ Ó SPREAGTHAIGH

(a) Spreagthaigh shúl (mar atá i gCéim 1);

(b) Spreagthaigh chluas:

Bhí an lá fliuch?
Cé a bhí sa pháirc?
Chonaic siad rud éigin?
Céard a rinne Nóirín?
Agus Mamaí?
Céard a rinne Daidí agus Páid?
Chonaic siad rud éigin?

Céard is maith leis na lachain, a "Dhaidí"?
Agus céard faoi Spota?
B'fhéidir go ndéanfaidh Spota rud éigin orthu, a "Pháid"?
Freagair é, a "Dhaidí".
Cén fáth a ndeir tú sin?
Cén fáth a bhfuil sé ag teacht amach, a "Pháid"?
Cá bhfios duit? (Cén chaoi a bhfuil a fhios agat?).

CÉIM 4. CLEACHTADH MÚNLAÍ AGUS FOCLÓRA

1. Bhí an lá *go hálainn.*
   (*fuar, te, fliuch, tirim, bog,* etc.).
2. *Chonaic* siad bláthanna deasa ag fás.
   (*amárach, gach lá;* ní, an?: *inné;* ní, an?: *amárach*).
3. Is breá *leo* a bheith ag snámh.
   (*mise, tusa, eisean, ise, Páid, an buachaill*).

CÉIM 5. SAORCHOMHRÁ CRUTHAITHEACH

1. Aithris ar an mbunchomhrá.
2. Bríd ag cur síos ar an lá a chaith sí sa pháirc.
3. Thit Páid isteach sa loch! . . . scéal a chumadh. Dráma a bhunú ar an scéal.
4. Ceann de na lachain ag caint—í ag cur síos ar a bhfaca sí agus ar a tharla an lá sin;
   nó
   Spota ag caint
5. Comhrá faoin bpictiúr agus ceisteanna ó pháistí ar a chéile agus ar an múinteoir.

Rann Ceoil (An ceol ar théip)

Tá Mamaí agus Bríd ina luí sa pháirc,
Tá Spota sa lochán agus é ag snámh;
Tá Daidí agus Páid ag féachaint ar na héin,
Rachaidh siad abhaile in am don tae.